Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7812/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0411(NLE)**

**ECOFIN 390**
**UEM 118**
**FIN 487**
***EIB***
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don tSlóivéin an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 28 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023[3], an 10 Nollaig 2024[4], an 20 Meitheamh 2025[5] agus an 12 Nollaig 2025[6].

(2) An 13 Márta 2026, rinne an tSlóivéin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ar na forais nach féidir an plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, chuir an tSlóivéin plean leasaithe isteach.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an tSlóivéin isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 21 bheart.

---

[2] Féach ar dhoiciméid ST 10612/21 INIT agus ST 10612/21 ADD 1 atá le fáil ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid ST 13615/23 INIT, ST 13615/23 REV 1 (EN) agus ST 13615/23 ADD 1 REV 1 atá le fáil ag http://register.consilium.europa.eu.

[4] Féach doiciméid T 15989/24 INIT, ST 15989/24 ADD 1 agus ST 15989/24 COR 1 (ga) atá le fáil ag http://register.consilium.europa.eu.

[5] Féach doiciméid ST 9591/25 INIT agus ST 9591/25 ADD 1 atá le fáil ag http://register.consilium.europa.eu.

[6] Féach doiciméid T 15797/25 INIT, ST 15797/25 ADD 1 agus ST 15797/25 COR 1 (lv) atá le fáil ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar gheall ar mhoilleanna ar an gcur chun feidhme mar gheall ar imthosca gan choinne, ar moilleanna iad nach bhfuil neart ag an mBallstát orthu. Baineann sé sin le beart C1-IFL ("An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (líonra ísealvoltais)"). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh ós rud é nach bhfuil líon dóthanach rannpháirtithe sna seisiúin oiliúna. Baineann sé sin le beart C3-IE ("Athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch in aghaidh tubaistí a bhaineann leis an aeráid i bPoblacht na Slóivéine"). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar gheall ar fhadhbanna i leith ceannach an áitribh nach bhfuil neart ag an mBallstát orthu. Baineann sé sin le beart C3-IF ("Rioscaí tuilte a laghdú agus an riosca i leith tubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú"). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir trí bheart a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar gheall ar mhoilleanna ar an bpróiseas tairisceana nach bhfuil neart ag an mBallstát orthu. Baineann siad sin le bearta C3-IFL ("Rioscaí tuilte a laghdú a thuilleadh agus an riosca i leith tubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú"), C4-IE ("Bonneagair breoslaí malartacha a chur chun cinn a thuilleadh san iompar") agus C4-IC ("Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú a thuilleadh"). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar gheall ar arduithe costais. Baineann sé sin le beart C12-IHL ("An bonneagar oideachais a ghlasú sa tSlóivéin"). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(9) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar gheall ar mhoilleanna ar an meastóireacht ar na tionscadail phíolótacha arna gcur chun feidhme, ar moilleanna iad nach bhfuil neart ag an mBallstát orthu. Baineann sé sin le beart C12-IF ("Tionscadail phíolótacha maidir le hathchóiriú ardoideachais le haghaidh aistriú glas athléimneach"). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(10) Mínigh an tSlóivéin nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine mar gheall ar chealú glao ghaolmhair ar thairiscintí as ar tháinig laghdú ar an leithdháileadh agus athrú ar na costais aonaid. Baineann sé sin le beart C17-ID ("Éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú an gheilleagair"). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(11) Mínigh an tSlóivéin gur gur leasaíodh dhá bheart chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le bearta C10-RA ("Bearta struchtúracha chun athléimneacht an mhargaidh saothair a neartú") agus C14-ID ("Inrochtaineacht an chórais sláinte"). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(12) Mhínigh an tSlóivéin go bhfuil ocht mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le bearta C3-IG ("An lárionad le haghaidh síolta, plandlann agus cosaint foraoisí"), C3-IHL ("Tionscadail bhreise maidir le fuíolluisce uirbeach a sceitheadh, a chóireáil agus a athúsáid"), C5-IB ("Tionscadal straitéiseach comhtháite chun an tSlóivéin a dhícharbónú tríd an aistriú chuig geilleagar ciorclach"), C7-IJ ("Digitiú an oideachais agus na heolaíochta"), C12-RA ("An córas oideachais a athchóiriú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh"), C12-IH ("Glasú an bhonneagair oideachais sa tSlóivéin"), C14-IB ("Inniúlacht ball foirne sláinte a neartú chun cáilíocht an chúraim a áirithiú") agus C14-IE ("Cóireáil éifeachtach le haghaidh galair thógálacha agus galair ainsealacha"). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(13) Tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an tSlóivéin úsáid a bhaint as na hacmhainní a scaoileadh leis an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a mhéadú. Baineann sé sin le bearta C17-IC ("An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (líonra meánvoltais agus ísealvoltais)") agus le C17-IE ("Bonneagair breoslaí malartacha a chur chun cinn san iompar (uas-scálaithe)"). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme bheart C17-IC agus bheart C17-IE a mhéadú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(14) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an tSlóivéin i láthair a chur san áireamh.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(15) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***'Gan dochar suntasach a dhéanamh'***

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241, agus critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bplean leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta atá sa phlean sin, nach ndéanfaidh aon bheart dá leithéid dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(17) Déantar measúnú sa phlean modhnaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach san Fhógra maidir le treoir theicniúil an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoi Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[8] . Na hathruithe a tugadh isteach i mbearta trí mhodhnú a dhéanamh ar an bplean, ní dhéanann siad difear don mheasúnú a rinneadh ar an bplean. Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid nach ndéanann aon bheart sa phlean leasaithe dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

---

[7] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj/eng).

[8] IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

*Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU*

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór ar bhealach éifeachtach (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(19) D'ainneoin iarraidh na Slóivéine leibhéal cur chun feidhme birt amháin a laghdú, tá an chaibidil REPowerEU fós comhleanúnach le creat beartais na Slóivéine arb é is aidhm dó astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Treisíonn na bearta freisin iad siúd a chuimsítear sa phlean maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus iompar astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn, agus le sciar na bhfoinsí in-athnuaite a mhéadú.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 44,69 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe agus 91,69 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(21) D'ainneoin laghdú 0,34 %, níl tionchar ag na bearta laghdaithe ar uaillmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht. Leis an gcaibidil REPowerEU, leantar de thacaíocht bhreise a chur ar fáil d'aistriú glas na Slóivéine, ós rud é go bhfuil ról lárnach ag an athchóiriú ar chur chun cinn foinsí fuinnimh in-athnuaite sa tSlóivéin agus na hinfheistíochtaí uile i ndlús a chur le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh. Laghdaítear leo an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus truailliú aeir, agus méadófar leo éifeachtúlacht fuinnimh agus coigilteas fuinnimh ag an am céanna. Meastar fós go laghdóidh na bearta sa phlean na hastaíochtaí gás ceaptha teasa, go n-éascóidh siad glacadh fuinnimh in-athnuaite, go ndéanfaidh siad an toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú a thuilleadh agus a áirithiú go laghdófar rioscaí tuilte sa tSlóivéin agus, ar an gcaoi sin, go rannchuideoidh siad le spriocanna aeráide 2030-2050 agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach faoi 2050.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 24,46 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(23) Níl tionchar ag na leasuithe a iarradh ar uaillmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú digiteach. Leanann an plean leasaithe de bheith ag rannchuidiú go mór le haistriú digiteach an riaracháin phoiblí agus na ngnólachtaí, lena n-áirítear tríd an mbonneagar is gá a fhorbairt amhail nascacht agus néalríomhaireacht a mhéadú agus cibearshlándáil a fheabhsú, réitigh agus seirbhísí digiteacha atá sárfhorbartha agus soláimhsithe don úsáideoir a chur in úsáid, chomh maith le próisis ghnó a athrú ó bhonn agus an bhearna dhigiteach a dhúnadh i gcás cuideachtaí níos traidisiúnta.

*Costáil*

(24) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha (Rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé. Tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(25) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin chostais le haghaidh na n-infheistíochtaí athbhreithnithe go bhfuil formhór na gcostas réasúnta agus inchreidte, de réir na faisnéise a sholáthraítear. Ní raibh na hathruithe ar an bplean forleathan go leor chun difear a dhéanamh don rátáil reatha (B) i leith an phlean. Mhol an tSlóivéin athruithe a dhéanamh ar an leithdháileadh idir iasachtaí agus deontais, rud a laghdódh méid foriomlán na n-iasachtaí. Leithdháileadh acmhainní breise ar bhearta a fheidhmíonn go maith agus laghdaíodh iad sna cásanna ina raibh rioscaí ag baint leis na bearta. Chuir an tSlóivéin mínithe leordhóthanacha ar fáil, lena gcuimsítear go príomha torthaí na dtairiscintí agus na nglaonna ar thograí a seoladh chun críocha an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Bhí údar cuí leis na hathruithe sna meastacháin chostais le haghaidh bearta leasaithe agus bhí siad comhréireach agus, dá bhrí sin, níor athraíodh réasúnaíocht agus inchreidteacht na meastachán costais sin i gcomparáid leis an bplean bunaidh. Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach curtha ar fáil ag an tSlóivéin lena léiriú nach gcumhdaítear méid iomlán an chostais mheasta le haon maoiniú eile ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá méid chostas iomlána measta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

*Aon chritéar measúnaithe eile*

(26) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a d'iarr an tSlóivéin difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (g), (h), (j) agus (k) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(27) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], mheas an tSlóivéin gur cheart tús áite a thabhairt do na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán sin. Mheas an tSlóivéin, áfach, nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le cur leis an bplean leasaithe, ós rud é nach gcumhdaítear leis na tionscadail sin na réimsí a ndearnadh a uas-scálú sa phlean leasaithe.

---

9 Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

*Measúnú dearfach*

(28) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(29) Is é EUR 2 082 352 849 costais iomlána mheasta phlean leasaithe na Slóivéine. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don tSlóivéin, an ranníocaíocht airgeadais arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean leasaithe na Slóivéine, ba cheart gurb é EUR 1 612 948 340 an ranníocaíocht sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don tSlóivéin.

---

[10] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Iasachtaí*

(30) Chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, cuireadh tacaíocht iasachta iomlán EUR 525 585 704 ar fáil don tSlóivéin trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021. Tar éis an laghdaithe ar leibhéal chur chun feidhme bheart C1-IFL ("An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (ísealvoltais)") agus bheart C4-ICL ("Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú a thuilleadh") faoi Airteagal 21 de Rialachán 2021/241, níor iarr an tSlóivéin úsáid na n-acmhainní iasachta a cuireadh ar fáil chun tacú le bearta nua ná le leibhéal chur chun feidhme a ardú laistigh den phlean leasaithe. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean níos ísle ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don tSlóivéin agus an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don tSlóivéin trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht iasachta iomlán a chuirtear ar fáil don tSlóivéin a laghdú go EUR 468 836 849.

(31) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Chun soiléireacht a áirithiú, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 sin a ionadú go hiomlán.

(32) Ba cheart nár dhochar an Cinneadh seo do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a d'fhéadfaí a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh sin faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Slóivéine ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don tSlóivéin arb ionann é agus uasmhéid EUR 468 836 849.’;

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Slóivéine.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*